2024/1375

13.6.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEEUimh. 306/2023

an 8 Nollaig 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) agus Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1375]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia ([1]), rinneadh é a ionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 134/2007 ó Chomhchoiste LEE an 26 Deireadh Fómhair 2007 ([2]).

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, bunaíodh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar comhlacht measúnaithe riosca an Aontais atá freagrach in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia agus beatha. Le hoiriúnuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 i gCinneadh Uimh. 134/2007 ó Chomhchoiste LEE an 26 Deireadh Fómhair 2007 déantar foráil maidir le rannpháirtíocht iomlán Stáit CSTE in obair an Údaráis gan ceart vótála.

(3) Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, Rialachán (AE) 2015/2283 agus Treoir 2001/18/CE ([3]), rinneadh é a ionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 234/2021 ó Chomhchoiste LEE an 24 Meán Fómhair 2021 ([4]).

(4) Leis na hoiriúnuithe ar ionchorprú Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 i gCinneadh Uimh. 234/2021 ó Chomhchoiste LEE an 24 Meán Fómhair 2021, tugtar cearta rannpháirtíochta iomlána do Stáit CSTE agus d'Údarás Faireacháin CSTE i mBord Bainistíochta an Údaráis gan an ceart vótála a bheith acu.

(5) Le Rialachán (CE) Uimh. 1642/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Iúil 2003 ([5]) leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 trí fhorálacha a chur san áireamh chun go mbeidh Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún ([6]) infheidhme maidir leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt a bheith sa Chinneadh seo do Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 chun go mbeidh an Rialachán sin infheidhme maidir le haon doiciméad de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE freisin.

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.
([2]) IO L 100, 10.4.2008, lch. 33.
([3]) IO L 231, 6.9.2019, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/466, 22.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/466/oj.
([5]) IO L 245, 29.9.2003, lch. 4.
([6]) IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

(6) Is le reachtaíocht maidir le cúrsaí tréidliachta, ábhair bheatha agus ábhair bhia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí tréidliachta, ábhair bheatha agus ábhair bhia ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I agus sa réamhrá i gCaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Leasaítear pointe 13 (Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) i gCuid 7.1 de Chaibidil I mar a leanas:

   (i) athuimhrítear oiriúnuithe (k) agus (l) mar oiriúnuithe (l) agus (m);

   (ii) cuirtear an t-oiriúnú seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (j):

   '(k) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 41(1):

   "Maidir leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, i ndáil le haon doiciméad de chuid an Údaráis a bhaineann le Stáit CSTE freisin.'"

2. Leasaítear pointe 41 (Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil II mar a leanas:

   (i) athuimhrítear oiriúnuithe (k) go (p) mar oiriúnuithe (l) go (q);

   (ii) cuirtear an t-oiriúnú seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (j):

   '(k) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 41(1):

   "Maidir leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, i ndáil le haon doiciméad de chuid an Údaráis a bhaineann le Stáit CSTE freisin.'"

Airteagal 2

Leasaítear pointe 54zzzc (Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

(i) athuimhrítear oiriúnuithe (k) go (p) mar oiriúnuithe (l) go (q);

(ii) cuirtear an t-oiriúnú seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (j):

'(k) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 41(1):

"Maidir leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, i ndáil le haon doiciméad de chuid an Údaráis a bhaineann le Stáit CSTE freisin.'"

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 9 Nollaig 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2023.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Pascal SCHAFHAUSER

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.